**FÓGRA DE BHUN: ALT 51(2) d'ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ).**

**COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ**
**DROICHEAD COISITHE AGUS ROTHAÍOCHTA N25 AN OILEÁIN BHIG**

**Fógra Iarratais chuig an mBord Pleanála lena Fhaomhadh**

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Chorcaí cead a lorg ón mBord Pleanála don fhorbairt bheartaithe ar dhroichead coisithe agus rothaíochta thar an N25 agus líne iarnróid Chathair Chorcaí go Mainistir na Corann agus go dtí an Cóbh ó stáisiún traenach an Oileáin Bhig go Páirc Ghnó an Gheata Thoir laistigh de bhailte fearainn Chill Chúil Íseal agus Radharc an Chaisleáin ag Oileán Beag, Co. Chorcaí.

Mar chuid den Fhorbairt Bheartaithe tá tógáil trasriain coisithe agus rothaíochta 5m ar leithead ó Stáisiún Traenach an Oileáin Bhig agus Bóthar an Ghleanntáin L3004 chuig Páirc Ghnó an Gheata Thoir agus an dúiche mórthimpeall. Leis an trasrian beidh:

- Áiteanna de chosán/rotharbhealach comhréidh ag ceangail thuaidh agus theas agus uasghrádú ar chosáin atá ann cheana féin.
- Áiteanna le claífoirt ghlasa fhásmhara ag na ceangail thuaidh agus theas.
- Struchtúir choincréite ardaithe thar limistéar na páirce taitneamhachta thuaidh atá in aice le Bóthar an Ghleanntáin L3004 agus an limistéar faoi chrainn idir an N25 agus an tÓstán Radisson Blu.
- Struchtúr droichid cruach aonréise thar an N25
- Struchtúr coincréite dhá réise trí thailte Iarnród Éireann.
- Uasghrádú ar limistéar na páirce taitneamhachta thuaidh atá in aice le Bóthar an Ghleanntáin L3004.
- Plandáil crann agus fásra mórthimpeall na n-oibreacha.

Tá fad an trasriain thart ar 460m san iomlán agus tabharfar 5m ar leithead ar a laghad.

Rinneadh cinneadh ar an ngá atá leis an bhForbairt Bheartaithe bunaithe ar na staidéir seo a leanas:

- Droichead Coisithe / Rothaíochta an Oileáin Bhig - Staidéar Féidearthachta Ardleibhéil (Nollaig 2016);
- Plean Rothaíochta Cheantar Cathrach Chorcaí 2017; agus
- Tuarascáil Féidearthachta ar Dhroichead Coisithe agus Rothaíochta an Oileáin Bhig N25.

**Ullmhaíodh Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta i leith na Forbartha Beartaithe.**

Féadfaidh An Bord Pleanála an t-iarratas ar fhorbairt a cheadú le coinníollacha nó gan choinníollacha nó féadfaidh sé an t-iarratas ar fhorbairt a dhiúltú.

Is féidir cóip den Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta chomh maith le Pleananna agus Sonraí na Forbartha Beartaithe a iniúchadh saor in aisce nó iad a cheannach (ar chostas €60) idir 9am go 1pm agus 2pm go 4pm Luan go hAoine (seachas laethanta saoire poiblí), ar feadh na tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2023 go dtí an 2 Samhain 2023 (lena n-áirítear an dá lá sin) ag:

- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Corcaigh, T12 R2NC

Tá cóip den Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta chomh maith le Pleananna agus Sonraí na Forbartha Beartaithe ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin comhairliúcháin Chomhairle Contae Chorcaí ag https://www.corkcoco.ie/en/resident/planning-and-development/public-consultations

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí scríofa a dhéanamh chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902 faoi 4.30pm, an 2 Samhain 2023 i ndáil leis na nithe seo a leanas:

1) Impleachtaí na Forbartha Beartaithe do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe sa cheantar lena mbaineann;
2) Na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe ar an gcomhshaol; agus Na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe ar Láithreán Eorpach, dá ndéanfaí í.

Is féidir le duine bailíocht aon chinnte a rinne An Bord Pleanála a cheistiú trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (S.I. Uimh. 15 de 1986) de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Is féidir rochtain a fháil ar fhaisnéis phraiticiúil faoin meicníocht athbhreithnithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie

Arna dhátú an 15 Meán Fómhair 2023

Innealtóir Sinsearach

Comhairle Contae Chorcaí